CRITÉIR AGUS EOLAS

Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí sna Taibhealaíona Teangabhunaithe Gaeilge

Spriocdháta: Déardaoin, 30 Aibreán 2026

Comhthéacs na Scéime:

Tá lúcháir ar **An tOireachtas** scéim sparánachta d'ealaíontóirí/cleachtóirí sna taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge a fhógairt. Scéim í seo atá ag freagairt do phlean gníomhaíochta ceithre bliana an Oireachtais do na taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge, faoi threoir na Straitéise Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge.

Cuspóir na scéime:

- Taibhealaíontóirí teangabhunaithe na Gaeilge a lonnú i gcroílár an tsaoil chultúrtha chomhaimseartha náisiúnta.
- Taibhealaíontóirí teangabhunaithe na Gaeilge a chur chun tosaigh i saol chultúrtha na hÉireann, áit a gcuirfidh siad le saibhreas, leis an tsamhlaíocht agus leis an éagsúlacht a thugann beocht do chultúr na hÉireann.

Aidhm na Scéime:

Is é aidhm na scéime seo, tacaíocht a chur ar fáil do thaibhealaíontóirí aonaracha atá ag maireachtáil taobh amuigh den Ghaeltacht agus ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, le go mbeidh siad in ann am a chur ar leataobh le díriú ar a gcleachtais a chur chun cinn.

Cé air a bhfuil an Scéim seo dírithe?

Tá an scéim dírithe ar thaibhealaíontóirí

- Sna **taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge** (lena n-áirítear, amhránaíocht thraidisúnta agus chomhaimseartha, lúibíní, agallaimh bheirte, scéalaíocht, aithriseoireacht, drámaíocht, rapcheol, an fhilíocht ó bhéal)
- atá ag maireachtáil **taobh amuigh den Ghaeltacht** agus ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge;

- atá ag aon staid dá gcleachtas gairmiúil. Ciallaíonn sé seo **go bhfuil saothar nó cumas d'ardchaighdeán cruthaithe/léirithe acu,** go bhfuil cáilíochtaí agus/nó taithí c(h)uí acu maidir lena gcleachtas ealaíne agus go n-aithnítear mar thaibhealaíontóir gairmiúil iad i measc a gcomhealaíontóirí.
- Ní gá go mbeadh ioncam leanúnach acu óna gcleachtas ealaíne.
- Ní ghlacfar le hiarratais ó dhaoine atá faoi láthair sa chóras oideachais, ach féadfar eisceacht a dhéanamh má tá taibhealaíontóir i mbun a ghairme agus ag tabhairt faoi iarchéim. Sa chás sin, ní thacóidh an sparánacht le hábhar atá bainteach leis an iarchéim féin. Ní ghlacfar le hiarratais litríochta ná le hiarratais d'fhoilsiúcháin ceoil.

Ciste: Ciste de €30,000 atá le dáileadh faoin scéim seo i 2026.

Struchtúr na Scéime

Beidh **dhá shraith** sa scéim seo, ag aithint céimeanna éagsúla i bhforbairt ghairmiúil taibhealaíontóirí.

Sraith 1

Tá **Sraith 1** dírithe ar ealaíontóirí atá **luath ina gcleachtas** agus atá ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar a gcleachtas gairmiúil. Beifear ag súil go léireoidh siad go bhfuil siad ag díriú ar fhorbairt a dhéanamh ar a gcleachtas ealaíne ar bhealach a bhfuil fás, fiosrú agus foghlaim i gceist leis. Glacfar le costais a bheadh lárnach nó riachtanach don phróiseas cruthaitheach agus d'fhorbairt cleachtais, mar shampla:

- Forbairt a dhéanamh ar scileanna cruthaitheacha agus/nó teicniúla atá ábhartha don chleachtas ealaíne;
- Taighde nó forbairt a dhéanamh ar smaoineamh nua, mar ullmhúchán do chur i láthair nó do thionscadal amach anseo;
- Tacaíocht do mheantóireacht ó ealaíontóir eile ar feadh tréimhse sonraithe;
- Freastal ar thréimhse/thearmann c(h)ónaitheach;
- Tacaíocht le trealamh riachtanach a fháil ar cíos nó a cheannach atá lárnach don phróiseas cruthaitheach nó don fhorbairt ghairmiúil.

Uasmhéid €2,000 a bhronnfar in aghaidh na sparánachta faoi Sraith 1.

Is faoi na taibhealaíontóirí iad féin a aithint mar thaibhealaíontóir a bhfuil 'luach ina gcleachtas'. D'fhéadfadh sé go mbeidís ag cleachtadh go gairmiúil ar feadh tréimhse níos lú

ná 5 bliana, nó ag filleadh ar a gcleachtas ealaíne tar éis bearna shuntasach ama, nó nach bhfuil móraitheantas bainte amach acu go fóill dá saothar ealaíne.

Sraith 2

Tá Sraith 2 dírithe ar thaibhealaíontóirí atá i lár a ngairme, nó taithí na mblianta agus cleachtas forbartha acu, agus atá ag iarraidh tuilleadh ama a chaitheamh ag déanamh forbairt leanúnach ar a gcleachtas. Is é príomhaidhm na sraithe seo costas ama an ealaíontóra a chlúdach, ionas gur féidir díriú go sonrach ar an bpróiseas cruthaitheach féin thar thréimhse ar leith.

I dteannta chostas ama an taibhealaíontóra a chlúdach, glacfar le costais eile a bheadh lárnach nó riachtanach don phróiseas cruthaitheach agus d'fhorbairt an chleachtais, mar shampla:

- Tacaíocht le costais eile a chlúdach atá lárnach sa phróiseas cruthaitheach nó san fhorbairt;
- Forbairt saothair faoi leith trí chostas ábhar a chlúdach;
- Tacaíocht do mheantóireacht ó ealaíontóir eile ar feadh tréimhse sonraithe;
- Freastal ar thréimhse/thearmann c(h)ónaitheach;
- Tacaíocht le trealamh riachtanach a fháil ar cíos nó a cheannach atá lárnach don phróiseas cruthaitheach nó don fhorbairt ghairmiúil.

€5,000 a bhronnfar in aghaidh na sparánachta faoi Sraith 2.

**Ní áireofar caiteachas níos airde ná 30% den bhuiséad ar threalamh.*

Conas iarratas a dhéanamh

San fhoirm iarratais, déan cur síos soiléir agus cuimsitheach ort féin mar ealaíontóir, ar do chleachtas go dtí seo agus ar an méid a ba mhaith leat a bhaint amach le cabhair na sparánachta. Seol chugainn, leis an bhfoirm iarratais, ábhair thacaíochta a léireoidh do chleachtas go soiléir.

Ní féidir glacadh leis go mbeidh an painéal ar an eolas faoi do chleachtas nó faoi do shaothar ealaíne. Is painéil neamhspleácha a dhéanann measúnú ar na hiarratais, agus is painéil dhifriúla a bhíonn i gceist gach bliain.

Is gá an fhoirm iarratais, an fhoirm dheimhniúcháin agus an t-ábhar tacaíochta a sheoladh chugainn roimh an spriocdháta – 30 Aibreán 2026

Ábhar Tacaíochta

Is gá an t-ábhar seo a leanas a chur leis an iarratas, ionas go mbeidh dóthain eolais ar fáil don phainéal chun na hiarratais a mheas go cothrom:

- Do CV/beathaisnéis ealaíne agus CV aon ealaíontóir eile a bheidh páirteach sa mhéid atá molta agat i gceist 6 den iarratas (meantóir, mar shampla). Ná bíodh sonraí teagmhála pearsanta ar aon CV;
- Samplaí de do shaothar ealaíne (féach thíos sonraí faoi conas iad seo a chur ar fáil);
- Eolas ábhartha ar bith eile a thacóidh leis an bpainéal d'iarratas nó do chleachtas a thuiscint;
- Más mian leat a bheith ag obair le meantóir nó le healaíontóir eile, ní mór duit litir chomhaontaithe agus CV uathu a chur isteach leis an iarratas.

Conas samplaí de do shaothar ealaíne a roinnt linn

Ba mhaith linn go mbeadh an painéal in ann na samplaí is fearr de do chleachtais taibhealaíne a fheiceáil, a chloisteáil nó a léamh. Chuige seo, molaimid go mbeidh samplaí de do shaothar is déanaí san áireamh agat leis an iarratas. Má bhaineann an t-iarratas le níos mó ná réimse amháin ealaíne, is fiú samplaí den saothar a chur ar fáil a thabharfaidh léargas air seo.

Níl ach méid teoranta ama ag an bpainéal chun na hiarratais go léir a mheas. Mar sin, 5 shampla de shaothair an t-uasmhéid is féidir a chur leis an iarratas. Má tá níos mó ná réimse ealaíne amháin i gceist, is féidir suas le 5 shampla de gach réimse a chur isteach. Is samplaí den saothar féin atá ag teastáil (m.sh. sleachta de script dráma, míreanna amhrán/ceoil, físeán d'ábhar amharclannaíochta) seachas ábhar a bhaineann leis an saothar (m.s. cóip de chlúdach leabhair, grianghraif den ealaíontóir, póstaer d'imeacht srl).

Ionas go mbeidh teacht ag an bpainéal ar shamplaí de do chuid saothar, molaimid go láidir na foirmeacha thíos a úsáid, ar an gcaighdeán is airde agus is féidir. Ní ghlacfaimid le cruachóipeanna de shaghas ar bith. Má tá deacracht ar bith agat leis seo, téigh i dteagmháil linn chomh luath agus is féidir roimh an spriocdháta.

- Téacs: .doc/.docx/.txt/.pdf (cúig leathanach, ina iomláine, ar a mhéad)
- Fuaim: .wav/.mp3/.m4a (suas le 5 mhír)
- Físeáin: .avi/.mov/.mp4 (suas le 5 mhír – molaimid gan seóspól a chur san áireamh)

Chomh maith leis na foirmeacha thuas, is féidir naisc YouTube, SoundCloud nó BandCamp a sheoladh chugainn.

Leideanna:

- Déan cinnte go n-oibreoidh gach nasc a sheolfaidh tú agus go dtabharfaidh na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart.
- Déan cinnte go mbeidh an t-ábhar ar fáil go 'poiblí' sna socruithe. Ní bheimid in ann féachaint ar ábhar atá 'príobháideach'.

Clinic Eolais

Beidh clinic eolais fíorúil faoin scéim ar siúl ag 19.00 16 Aibreán 2026. Is féidir clárú don chlinic eolais trí ríomhphost a sheoladh chuig taibhealaiona@antoireachtas.ie.

Cosaint Sonraí
Chun d'iarratas a mheas, beidh an t-eolas a thabharfaidh tú dúinn ar an bhfoirm iarratais (seachas na sonraí a bheidh ar an fhoirm dheimhniúcháin) agus an t-ábhar tacaíochta á roinnt le baill an phainéil mheastóireachta agus feidhmeannas an Oireachtais.

Tacaíochtaí Rochtana

Má tá tú faoi mhíchumas agus dá mba mhaith leat cúnamh a fháil chun iarratas a dhéanamh, déan teagmháil linn ag taibhealaíona@antoireachtas.ie a luaithe agus is féidir roimh an spriocdháta.

Beidh tú in ann iarratas a dhéanamh ar chostais bhreise má tá riachtanais rochtana agat a bhaineann le d'iarratas.

Conas a dhéanfar measúnú ar d'iarratas?

Is scéim iomaíoch í seo a bhfuil buiséad srianta ag baint léi. Painéil neamhspleách d'ealaíontóirí agus de shaineolaithe ealaíon a dhéanfaidh measúnú ar na hiarratais, ag baint úsáide as an gcóras scórála thíos, atá bunaithe ar na critéir seo a leanas. Is é Bord an Oireachtais a dheimhneoidh an cinneadh deiridh.

Critéir le haghaidh maoinithe

- **Caighdeán Ealaíne & Gairmiúlacht**: caighdeán an tsaothair go dáta nó an cumas a léiríonn sé, go bhfuil cáilíochtaí agus/nó taithí c(h)uí agat, oiriúnach don staid ag a bhfuil tú maidir le do chleachtas ealaíne agus go n-aithnítear mar chleachtóir gairmiúil thú i measc do chomhealaíontóirí. Ní gá go mbeadh ioncam leanúnach agat ó do chleachtas ealaíne.
- **Caighdeán an mholta/iarratais agus mar a luíonn an t-iarratas le haidhmeanna na scéime**: An tionchar a mheastar a bheidh ag an infheistiú ama agus aon ghníomh/bheart atá molta agat san iarratas ar bharr feabhais a chur ar do chleachtas.
- **An Ghaeilge**: Tá an scéim seo dírithe ar ealaíontóirí atá ag maireachtáil **taobh amuigh den Ghaeltacht** agus atá ag feidhmiú **trí mheán na Gaeilge** i gcomhthéacs a gcleachtais ealaíne, sna taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge, lena n-áirítear,

amhránaíocht thraidisiúnta agus chomhaimseartha, lúibíní, agallaimh bheirte, scéalaíocht, aithriseoireacht, drámaíocht, rapcheol agus filíocht ó bhéal.

Córas scórála

Déanfaidh baill an phainéil measúnú ar na hiarratais de réir na gcritéar agus de réir chomhthéacs iomaíoch na scéime. Tar éis do na painéil na hiarratais uile a phlé, déanfaidh gach ball de na painéil scóráil ar gach iarratas, de réir an chórais scórála thíos:

- A – Caithfear an t-iarratas seo a mhaoiniú (10 bpointe)
- B – Ba chóir an t-iarratas seo a mhaoiniú (8 bpointe)
- C – D'fhéadfaí an t-iarratas seo a mhaoiniú (5 phointe)
- D – Ní gá tosaíocht a thabhairt don iarratas seo sa chomhthéacs seo faoi láthair (2 phointe)

Coinníollacha Deontais

- Má bhronntar sparánacht ort, beidh ort glacadh leis na coinníollacha deontais agus éileamh a dhéanamh ar an deontas laistigh de **12 mí** ó dháta na tairisceana.

- Beidh ort sonraí glanta cánach a chur ar fáil dúinn chun éileamh a dhéanamh ar an gcéad 75% den deontas agus tuairisc a roinnt linn faoin méid a bhain tú amach le cabhair na sparánachta chun éileamh a dhéanamh ar an 25% deireanach.

Bí i dteagmháil linn

Moltar go láidir labhairt leis an Oifigeach Taibhealaíon Réigiúnach i do réigiún, a bheidh lánsásta cabhrú leat d'iarratas a dhéanamh. Tá sonraí teagmhála na nOifigeach le fáil anseo ag https://www.antoireachtas.ie/

Tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh linn má tá ceist ar bith agat. De bharr líon na n-iarratas a bhíonn ag teacht isteach ar an spriocdháta, moltar an t-iarratas a ullmhú, agus comhairle a lorg, chomh fada roimh ré agus is féidir leat. Ní féidir linn geallúint a thabhairt go mbeimid in ann tacú leat ar lá an spriocdháta. Pléifear le ceisteanna de réir mar a thiocfaidh siad isteach.